



Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board



Tuarascáil Bhliantúil 2011





Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board

CLÁR ÁBHAR

An Cathaoirleach agus Bord na Stiúrthóirí	2
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	6
Forbairt Iascaigh	9
Forbairt Dobharshaothraithe	14
Forbairt Gnó agus Nuálaíocht	17
Oiliúint	22
Rialachas Corparáideach	25
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	26
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	28
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	29
Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta	30
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	32
Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta	33
Clár Comhardaithe	34
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	35
Nótaí leis na Cuntais	37
Íocaíochtaí Deontais	47

An Cathaoirleach agus Bord na Stiúrthóirí



Rose McHugh
An Cathaoirleach



An tUasal Michael Dempsey
(Chuaigh a théarma in éag an
20 Feabhra 2011)



An tUasal Enda Bonner



An tUasal Tomás Kavanagh



An tUasal Paidí Ó Sé



An tUasal Sean O'Donoghue
(Ceapadh é an 2 Márta 2011)



Jason Whooley
Priomhfheidhmeannach



Connie Kelleher
Rúnaí/Bainisteoir Airgeadais



Michael Keatinge
Bainisteoir Forbartha Iascaigh



Donal Maguire
Bainisteoir Forbartha Dobharshaothraithe



Richard McCormick
Bainisteoir Seirbhísí Muirí



Donal Buckley
*Bainisteoir Forbartha Gnó
agus Nuálaíochta*

Ráiteas an Chathaoirligh



Tá Tionscal Bia Mara na hÉireann ríthábhachtach do gheilleagar na hÉireann. Is fiú níos mó ná €749 milliún an earnáil agus táirgtear thart ar 266,000 tona bia mara in aghaidh na bliana. I rith na tréimhse deacra seo, is Tionscal é ar chóir an-tacaíocht a thabhairt dó mar tá fíorchumas fáis agus cruthaithe fostaíochta ann.

Mar a léifidh tú sa tuarascáil seo, thug BIM tacaíocht do gach gné d'earnáil bia mara na hÉireann trí roinnt tionscadail thábhachtacha agus scéimeanna tábhachtacha a bheidh ríthábhachtach maidir leis na spriocanna atá leagtha amach in Fómhar Bia 2020 a bhaint amach.

Léiríonn an chaoi ar éirigh le roinnt mhaith dár gcuideachtaí Éireannacha bia mara táirgí nua a fhorbairt agus a ngnólachtaí a fhorbairt tiomantas ár bhfiontraithe bia mara agus i roinnt cásanna, chuidigh BIM leis na cuideachtaí seo an fás seo a bhaint amach trína lonad um Fhorbairt ar Bhia Mara (IFBM) speisialta agus trí scéimeanna éagsúla um pleanáil gnó agus um chúnamh deontais.

Ar son Bhord, Lucht Bainistíochta agus Bhaill Foirne BIM, ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Simon Coveney, T.D. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le hoifigigh na Roinne as a gcuid tacaíochta leanúnaí. Chomh maith leis sin, tugaimid chun suntais tacaíocht leanúnach agus cabhair airgeadais an Aontais Eorpaigh, a bhaineann go príomha le Bearta Dobharshaothraithe agus lascaigh an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN).

Mar fhocal scoir, agus mo théarma mar Chathaoirleach BIM ag druidim chun deiridh, ba mhaith liom fíorbhuíochas a ghabháil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, le Lucht Bainistíochta agus le Baill Foirne BIM as a ndíograis agus as a dtiomantas d'fhorbairt thionscal an bhia mara amach anseo. In ainneoin ciorruithe suntasacha ar líon na mball foirne agus ar bhuiséid na heagraíochta le roinnt blianta anuas, lean BIM ag forbairt chun riachtanais an Tionscail a chomhlíonadh agus táim bródúil as a bheith i mo Chathaoirleach ar an ngníomhaireacht thiomanta seo le sé bliana anuas.

Rose McHugh
AN CATHAOIRLEACH



Réamhrá an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



De réir na teorach a leagtar amach i dTuarascáil Fómhar Bia 2020 de chuid an Rialtais; lean BIM ar aghaidh sa bhliain 2011 ag spreagadh tionscnamh atá dírithe ar tháirgeacht do bharshaothraithe a fhás, ar bhreisluach a chur lenár dtáirgí bia mara agus ar fheabhsú scála agus cumas iomaíochta earnáil na próiseála bia mara.

D'fhoill fás ár n-earnáil bia mara a spreagadh agus na spriocanna a leagtar amach in Fómhar Bia 2020 a bhaint amach, tá roinnt dúshlán a gcaithfear

dul i ngleic leo agus d'oibrigh BIM go dlúth leis an Tionscal i mbliana chun teacht ar réitigh. Tá rochtain ar bhunábhar ar cheann de na príomhcheisteanna. Tugtar le tuiscint leis na táscairí uile nach dtiocfaidh méadú suntasach ar chuótaí iasc fiáin a ghabhtar sa mheántearma go fadtéarma. Dá bhrí sin, tá sé rithabhachtach go ndéanfaimid ár dtionscal do bharshaothraithe a fhás le hacmhainní a sholáthar do leathnú na hearnála próiseála agus ionas go mbeimid in ann freastal ar éileamh an mhargaidh.

D'éirigh go maith le díolacháin bhia mara na hÉireann sa bhliain 2011, d'ainneoin cúinsí trádála deacra agus tionchar leanúnach an chúlaithe eacnamaíochta, agus bhí luach measta €749 milliún i gceist. Bhí tionchar na ré dúshlánaí seo fós le sonrú sa mhargadh intíre inar tháinig laghdú 4% go dtí €319 milliún ar dhíolachán. Rinneadh é seo a chothromú a bhuí le méadú breise ar easpórtálacha bia mara a raibh luach €430 milliún orthu, méadú iomlán 13% ar 2010.

Meastar go bhfuil bradán orgánach Éireannach, go háirithe, ar ardchaighdeán ar an margadh domhanda agus nach bhfuil dóthain á tháirgeadh againn chun déileáil le héileamh. D'fhoill táirgeacht a mhéadú, ioncam a ardú agus fostaíocht a chruthú, tá BIM ag stiúradh tionscadail chun trí fheirm domhainfharraige a fhorbairt. Meastar go mbeidh gach feirm in ann 15,000 tona de bhradán orgánach Éireannach a tháirgeadh in aghaidh na bliana, de luach €102 milliún. Lena chois sin, tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag obair le BIM agus le Foras na Mara chun dul i ngleic leis na srianta atá ar fhorbairt do bharshaothraithe inár n-uiscí cladaigh faoi láthair, trí na measúnuithe atá riachtanach faoi Threoir maidir le Gnáthóga an AE a dhéanamh go córasach.

Is tosaíocht é go fóill do BIM agus don Tionscal, bia mara Éireannach a dhifriú ar mhargaí baile agus idirnáisiúnta.

Dé réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh domhanda ar bhia mara, tá deis ann d'Éirinn í féin a bhunú mar tháirgeoir bia mara inbhuanaithe den scoth agus íomhá bhrandáilte ghlas agus ghlan aici. Tá BIM ag obair ar Chaighdeán BIM um Fhoinsiú Freagrach a fhorbairt. Tá an Caighdeán creidiúnaithe ar bhonn neamhspleách de réir chaighdeán ISO agus ní bhronntar é ach amháin ar árthaí a chloíonn le modhanna iascaireachta diana freagracha. Seolfaidh BIM an caighdeán sa bhliain 2012 agus tá sé mar sprioc againn 200 ártach a chreidiúnú faoi dheireadh 2012. Cuirfidh an caighdeán seo ar chumas an tionscail idirdhealú a dhéanamh idir a mbia mara a ghabhtar go háitiúil agus go freagrach agus bia mara a thagann óna n-iomaitheoirí iompórtáilte.

Ó thaobh luach a chuir leis, dhírigh BIM ar €50 milliún breise a ghiniúint i ndíolacháin bheisluacha faoi 2013. Ceann de na tionscnaimh a chuirfidh leis an sprioc seo ná an Scéim Infheistíochta um Próiseáil Bia Mara de chuid BIM. I rith 2011 infheistíodh €7 milliún san earnáil próiseála bia mara faoin scéim seo, lena n-áirítear cúnamh deontais €1.7 milliún ón Stát. Meastar go gcruthófar 191 post agus go dtiocfaidh méadú €38 milliún ar dhíolacháin faoi 2014 de thoradh an 21 tionscadal a thacaítear faoin scéim.

Tá Ionad um Fhorbairt ar Bhia Mara BIM (IFBM) oscailte anois le dhá bhliain anuas agus i rith an ama sin d'éirigh leis an Ionad nuálaíocht faoi stiúir an mhargaidh agus forbairt táirgí nua a thabhairt chun tosaigh i dtionscal bia mara na hÉireann. Tá an IFBM ag obair le 330 gnólacht nuathionscanta mór, beag agus nuálach chun Éire a fhorbairt mar cheannaire idirnáisiúnta sa réimse bia mara. Meastar go bhfuil €10 milliún i gceist le díolacháin táirgí nua a d'fhorbair an IFBM sa bhliain 2011.

Sholáthair BIM €2.4 milliún i gcúnamh deontais don earnáil ghabhála agus don earnáil do bharshaothraithe sa bhliain 2011, in ainneoin buiséad oibriúcháin laghdaithe. Infheistíodh €3.8 milliún ar an iomlán sa chabhlach iascaigh i mbliana.

Mar ghníomhaireacht forbartha na hEarnála Bia Mara, leanfaimid ar aghaidh ag obair leis an Tionscal chun ár ngnó reatha a choinneáil agus chun é a fhás agus fostaíocht a chosaint agus a chruthú dár bpobail chósta dá réir.

Le dea-ghuá,

Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach





Tionscal an Bhia Mara a fhorbairt, Pobail Chósta a Chothú

Forbairt Iascaigh

An Ciste Eorpach Iascaigh – Beartas um Fhorbairt Bia Mara

Tugadh €636,648 ar an iomlán i gcúnamh deontais don chabhlaigh sa bhliain 2011. Bhí 141 ártach clúdaithe faoin tsuim seo agus tacaíodh le hinfheistíocht €2,912,719 ar an iomlán. Rinneadh uasghrádú sábháilteachta ar 87 ártach faoin scéim um shábháilteacht ártach iascaireachta. Fuarthas cúnamh deontais iomlán €258,393 a thacaigh le hinfheistíocht i dtrealamh nua sábháilteachta, a raibh costas €645,981 air. Fuair 50 úinéir ártach eile deontais faoin Scéim um Chúnamh Deontais le haghaidh Bainistíocht Comhshaoil agus Deimhniú Bia Mara (Ais 1) chun feabhas a chur ar cháilíochtaí ar bord. Soláthraíonn an scéim seo 40% nó níos lú de chúnamh deontais le haghaidh infheistíocht chaipitiúil ar bord, i réimse na cáilíochta agus an láimhsithe éisc, ar an gcoinníoll go bhfuil córas bainistíochta comhshaoil bia mara (CBC) curtha i bhfeidhm ag an ártach, go bhfuil caighdeán aitheanta á chomhlíonadh aige (nó, i gcásanna áirithe, ag iascach) agus go bhfuil an deimhniú cuí faighte aige. B'fhiú €278,255 an 49 deontas a íocadh ar an iomlán agus b'fhiú €695,637 an infheistíocht iomlán.

Leis an Scéim um 'Cúnamh Speisialta d'Iascairí Óga' soláthraítear cúnamh d'iascairí óga chun iad féin a bhunú sa tionscal. Féadfaidh iascairí óga (faoi 40 bliain d'aois ag tráth an iarratais), nach raibh úinéireacht ná páirt-úinéireacht acu ar ártach iascaireachta cheana agus atá ag fáil ártach athláimhe d'éisc gheala den chéad uair, cúnamh deontais arb ionann é agus 15% de na costais éadála nó suim nach mó ná €50,000 a fháil. Sa bhliain 2011, fuair beirt iascairí cúnamh deontais iomlán arbh ionann é agus €100,000 chun dhá ártach iascaireachta athláimhe a cheannach, sin infheistíocht €1,050,000 ar an iomlán.

Tionscnaimh Iascaigh Bhreise:

- Rinneadh uasghrádú sábháilteachta ar 87 ártach ar chostas gaolmhar infheistíochta €645,981.
- Ghlac 205 iascaire cladaigh páirt sa scéim náisiúnta um v-eangú gliomaigh. Fuair na hiascairí seo cúnamh deontais arbh ionann é agus €62,750 chun íoc i bpáirt as na costais a bhain le níos mó ná 10 dtóna (timpeall is 15,000) gliomach bainneann v-eangaithe a chur ar ais san fharraige, agus iad fós beo, gliomaigh a raibh luach margaidh €114,178 orthu.
- Fuair aon ghrúpa dhéag, a bhí ag feidhmiú ar son 236 úinéir ártach, cúnamh deontais arbh ionann é agus

€178,000 ar an iomlán, bunaithe ar infheistíocht iomlán €413,985, chun Córais Bainistíochta Comhshaoil Bia Mara (CBC) a fhorbairt dá gcuid ártach. Chuir baill foirne ar 140 ártach oiliúint CBC i gcrích i rith na bliana agus bronnadh deimhniú bia mara ar 45 ártach eile.

- Fuair 86 dhuine aonair íocaíochtaí arbh ionann iad agus €88,400 faoi 'chlár na mbád fairtheora' mar thacaíocht do bhailiú sonraí feabhsaithe don chabhlaigh cladaigh.
- Fuair dhá ártach turasóireachta muirí deontais sábháilteachta arbh ionann iad agus €3,977 ar chostas gaolmhar infheistíochta €9,897.

An Comhshaoil Muirí

Tá sé mar chuspóir ag an mBeart seo feachtas ar bheartais chomhshaoil agus an fhreagairt dóibh a mhéadú, deimhniú bia mara a chur chun cinn agus cúnamh a thabhairt don nuálaíocht agus inbhuanaitheacht san earnáil ghabhála. Tá fáil ar chúnamh deontais idir 40% agus 100% faoin mbeart seo anois. Is ón gCiste Eorpach Iascaigh (CEI) a fhaightear 50% den mhaoiniú don bheart seo. Tá sé mar chuspóir ag an mbeart chomh maith cabhrú le hoibreoirí ó thaobh spriocanna threoracha Natura 2000 a chomhlíonadh. Sa bhliain 2010/11, fuair 11 thionscadal cúnamh deontais iomlán arbh ionann é agus €278,527, bunaithe ar infheistíocht €357,570.

An Scéim um Chúnamh Deontais le haghaidh Bainistíocht Comhshaoil agus Deimhniú Bia Mara

Fuair aon chomharghnó dhéag cúnamh deontais arbh ionann é agus €178,000 ar an iomlán, faoin Scéim um Chúnamh Deontais le haghaidh Bainistíocht Comhshaoil agus Deimhniú Bia Mara (Ais 3), sin infheistíocht iomlán €413,985 i bhforbairt na gcóras bainistíochta comhshaoil bia mara agus i ndeimhniú táirgí bia mara. D'éirigh le 140 úinéir ártach, a bhí ag glacadh páirte sa scéim, CBC a fhorbairt dá gcuid ártach agus fuair 45 duine de na húinéirí sin deimhniú iomlán bia mara do chuid chomhaontaithe dá ngabháil bhliantúil.

Clár Éagsúlaithe agus Sábháilteachta Cladaigh

Íocadh cúnamh deontais €3,977 le beirt iarratasóirí chun íoc i bpáirt as an gcostas a bhain le dtrealamh sábháilteachta reachtúil a cheannach, a raibh costas €9,897 air.

Athbhunú Troisc & Laghdú ar Ábhar Muirí Aischurtha

- Ag leanúint ón rath a bhí ar an nGreille Shualannach a thabhairt isteach in iascach cloicheáin Mhuir Éireann in 2010, leanadh ar aghaidh i mbliana le hobair iniúchta maidir le greillí furasta le húsáid, 'solúbtha', malartacha. Tá greillí solúbtha níos éadroime, is réiteach iad ar roinnt saincheistanna láimhsithe agus tá siad fós chomh héifeachtach is a bhí siad chun trosc a scaoileadh ar ais agus chun gabhálacha cloicheáin a chothabháil. Lean trí ártach le húsáid na Greille Sualannach i Muir Éireann agus táthar ag súil go nglacfaidh níos mó ártach an rogha seo mar thoradh ar thrialacha ar chineálacha malartacha greillí.
- Tugadh faoi thrialacha freisin in iascach sciata agus roic Mhuir Éireann ag baint úsáide as Bosca Sórtála Seltra. Léiríodh leis na trialacha seo nár tháinig aon laghdú ar ghabhálacha sciata agus roic agus gur tháinig laghdú suntasach ar ghabháil troisc. Táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh oibre sa bhliain 2012 chun ábhar muirí a scaoiltear saor ón trealamh seo a chainníochtú.
- Mar chuid den Phlean Bainistithe Troisc, dúnadh limistéar Vla don iascaireacht ach amháin líon beag trealamh maolaithe. Ceann dóibh sin ná an t-iascach mangaigh le dorú. Ar an drochuair, ní ligtear leis na rialacháin ach Pollachius pollachius (mangach) agus ní Pollachius virens (glasán) a thabhairt i dtír. Toisc go ngabhtar an dá speiceas seo go ginearálta san iascach le dorú, thug BIM faoi thrialacha le léiriú go mbeadh glasán aischurtha nach gá a aischur mar thoradh ar iascach mangaigh le dorú,

mura gcuirfí an speiceas san áireamh san iascach díolmhaith. Sa chaoi chéanna, ar iarratas ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF), scrúdaíodh an t-iascach eangach gheolbhaigh spriocdhírthe le haghaidh fíogach beag, a sholáthraíonn foinse baoite d'iascach pota sa limistéar. Sa dá thacar trialacha, ní raibh aon seachghabháil i gceist le haon cheann de na speicis a chlúdaítear leis na rialacháin amhail trosc, cadóg, faoitín ná fíogach gobach. D'fhorbair BIM agus Foras na Mara cás lena bhreithniú ag STECF sa bhliain 2012.

- Scrúdaíodh an t-iascach eangach gheolbhaigh colmóra chun roghnaíocht méideanna éagsúla mogaill a dhéanamh amach. Faoi láthair, úsáideann cabhlach na hÉireann 120mm agus meastar gur rogha an-roghnaitheach an rogha sin. Tá cabhlach na hÉireann den tuairim gur chóir cloí le méid mogaill 120mm agus nár chóir an méid sin a laghdú chun a chinntiú nach méadóidh leibhéil an ábhair a aischuirtear. Cruthaíodh leis na trialacha go n-íoslaghdaíonn méid mogaill 120mm an t-ábhar aischurtha agus go dtiocfadh méadú ar ghabhálacha éisc faoin íosmhéid is féidir a thabhairt i dtír (MLS) dá n-úsáid méideanna mogaill níos lú mar atá á mholadh i mballstáit eile.
- Rinneadh tacar trialacha roghnaíochta sa Mhuir Cheilteach inar scrúdaíodh raon méideanna mogaill sa phainéal eangaigh mogaill agus sa phainéal cearnach mogaill araon chun iarracht a dhéanamh roghanna a chur ar fáil le haghaidh tograí tionscail maidir le Bearta i leith Caomhnú Teicniúil (TCM) don réimse. Ar an drochuair, níor moladh aon tograí daingne i ndáil leis seo agus mar thoradh air sin tá tuilleadh oibre le déanamh sa bhliain 2012 chun an tionchar atá ag tograí an Choimisiúin le déanaí a mheas i ndáil leis seo.
- Rinneadh obair freisin chun éifeachtúlacht na bpainéal cearnach mogaill mór a scrúdú san iascach líon saighne sa Mhuir Cheilteach chun a fháil amach ar chóir caitheamh le líonta saighne ar bhealach difriúil le trálair maidir le TCManna. Cé go raibh roinnt táscairí dearfacha ó na trialacha ní rabhtar ábalta teacht ar chonclúidí daingne.

Deimhniú idirnáisiúnta ar Bhia Mara na hÉireann

Cuirtear ardán riachtanach ar fáil chun bia mara na hÉireann a dhíol trí Chaighdeán Maoirseachta Bia Mara an BIM.



Achoimre ar Íocaíochtaí na Rannóige um Fhorbairt Iascaigh in 2011

CINEÁL DEONTAIS	LÍON	INFHEISTÍOCHT IOMLÁN	INFHEISTÍOCHT INCHÁILITHE	DEONTAIS ÓN AE	DEONTAIS STÁIT	DEONTAS IOMLÁN
Scéim um Shábháilteacht Cabhlaigh*	87	€645,981	€645,981	€0	€258,393	€258,393
Bainistíocht Comhshaoil & Deimhniú Bia Mara (Cuid B)*	49	€695,637	€695,637	€0	€278,255	€278,255
Cúnamh Speisialta d'Iascairí Óga	2	€1,561,294	€666,666	€0	€100,000	€100,000
Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Mhuirí	11	€356,782	€356,782	€130,898	€147,629	€278,527
Bainistíocht Comhshaoil & Deimhniú Bia Mara (Cuid A)	199	€413,985	€413,985	€83,660	€94,340	€178,000
V-Eangú Gliomaigh	205	€114,178	€114,178	€29,493	€33,257	€62,750
Éagsúlú Cladaigh (Deontais Sábháilteachta)	2	€9,897	€9,897	€0	€3,977	€3,977
Iomláin	555	€3,797,754	€2,903,126	€244,051	€915,851	€1,159,902

*De minimus

Is caighdeán arna chreidiúnú ag tríú páirtí, a aithnítear go hidirnáisiúnta (ISO 65) atá ann. Chomh maith le gné lárnach an chaighdeáin, ina gcuirtear deimhniú ar fáil i gcomhair áiríais iascaireachta aonair a léiríonn géilliúlacht leis na ceanglais maidir le freagracht ar bord, tá ceanglais níos sainiúla maidir le speicis aonair in iarscríbhinní teicniúla (m.sh. portán dearg, iasc geal agus gliomach na hlorua, iasc peiligeach).

In 2011, rinne Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), an bord deimhniúcháin náisiúnta atá freagrach as creidiúnú de réir caighdeán Idirnáisiúnta agus de réir chaighdeán an AE, athbhreithniú agus imscrúdú ar an gcaighdeán lárnach i gcomhair áiríais iascaireachta agus ar na hianscríbhinní lena mbaineann. Cuirfear an chéim dheiridh den phróiseas scrúdaithe seo i gcrích in 2012.

Bhí éileamh leanúnach ann ón tionscal ar dheimhniú i rith na bliana. Ag obair go dlúth leis an earnáil pheiligeach chun deimhniú a chinntiú don ronnach, forbraíodh agus rinneadh tástáil ar iarscríbhinn do speicis pheiligeacha agus cuireadh ar fáil don chabhlach náisiúnta é. Baineadh deimhniú amach freisin d'áiríais a bhí ag díriú ar phortán dearg, ar iasc geal agus ar gliomach na hlorua.

Ag an am céanna leis na forbairtí sin, bhíodhas ag plé leis an tsaincheist a bhaineann le caighdeán ar tír mór á eisiúint agus á thástáil chun na saoráidí atá ar an gcladach (m.sh.

comharchumainn, próiseálaithe, miondíoltóirí) a dheimhniú ionas go gcuirfear ar chumas na ndaoine a cheannaíonn táirgí Éireannacha na táirgí sin a rianú siar go dtí an t-árthach bunaidh, ag féachaint ar dhea-chleachtas agus ar fhreagracht chomhshaoil. Tá an chéim tosaigh den caighdeán ar tír mór curtha i gcrích, is é sin dul i ngleic leis an tionscal agus tástáil. Tá tuilleadh forbartha beartaithe i gcomhair 2012.

Caighdeán agus Láimhseáil Éisc

Mar fhreagra ar aiseolas ón tionscal, tugadh isteach larscríbhinn a ghabhann le Caighdeán Maoirseachta Bia Mara BIM i gcomhair speicis pheiligeacha tar éis céim forbartha agus tástála le comhpháirtithe tionscail.

Cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil in ionad an Chaisleáin Nua maidir le cúram don ghabháil agus sláinteas agus láimhseáil bia mara agus tacaíodh leis na treoracha sin trí shraith treoracha caighdeán agus láimhseála BIM.

Inbhuanaitheacht agus Seachghabháil Speiceas Cosanta

Rinneadh réamh-mheasúnú ar iascach na hÉireann i gcoinne chaighdeán inbhuanaitheachta na Comhairle Maoirseachta Muirí (MSC) a aithnítear go hidirnáisiúnta chun fadhbanna stoic, comhshaoil agus bainistíochta a aithint a bheidh le réiteach chun inbhuanaitheacht a bhaint amach.

Is comhthionscadal atá ann idir BIM, Food Certification International, Foras na Mara agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara ina gcuirtear plean oibre ar fáil d'iascach atá ag déanamh iarrachta cleachtais iascaireachta níos freagraí a ghlacadh, nascann sé le caighdeán bia mara fiáin BIM agus cuireann sé faisnéis riachtanach ar fáil maidir le hincháilitheacht agus céimeanna nach mór a ghlacadh chun deimhniú a fháil ón gComhairle Maoirseachta Muirí.

Cuireadh tús le tionscadal maidir le caillteanais de bharr róna agus seachghabháil róna in iascach lín suite na hÉireann, i gcomhar leis an Ionad Taighde Cósta is Mara agus le Foras na Mara sa samhradh agus rinneadh os cionn 50 lá obair faireacháin ar trí ártach. Tá leibhéal na gcaillteanas de bharr róna (éisc á dtógáil nó dochar á dhéanamh dóibh ag róna) á dtomhas d'fhonn an lucht bainistíochta a chur ar an eolas maidir le hidirghníomhaíochtaí leis an speiceas cosanta seo. Táthar ag súil go mbeidh an obair curtha i gcrích roimh dheireadh 2012.

Tuinnín

Leanadh le clár clibeála satailíte do thuinnín colgach i rith 2011. Tá faisnéis fheabhsaithe maidir le hiompar éisc á chur ar fáil d'iascairí ag an tionscadal seo, rud a chabhróidh chun éisc a thabhairt faoi deara agus a chuirfidh go mór le bainistiú stoic ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Tuinníní Atlantacha (ICCAT). Rinneadh clibeáil ar dhá iasc ag deireadh Iúil 2011 le faisnéis mhionsonraithe maidir le láithreacha agus doimhneachtaí na n-iasc don séasúr iascaireachta tuinnín ar fad.

Cuireadh clár faireacháin neamhspleách tiomanta i gcrích i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ina ndearnadh faireachán ar oibríochtaí tráláireachta peiligeacha ar feadh 103 lá ar bord iascaigh tuinnín, ronnaigh, scadáin, bolmáin, faoitín ghóir agus saláin gan aon seachghabháil chéiticeach a thabhairt faoi deara. Tá an clár seo ag teacht le ceanglais dlí an CE agus cuireann sé tacaíocht ar fáil don tionscal ó thaobh cur chuige freagrach a ghlacadh maidir leis an iascaireacht agus le deimhniú MSC a lorg agus a choinneáil.

Eisíodh gairis éifeachtacha ruaigthe deilfeanna chomh maith le treoirlinnte maidir lena n-úsáid do 12 ártach tuinnín san iardheisceart. Bhí na gairis fuaime sin an-éifeachtach in iascach doingean mara sa Ríocht Aontaithe agus laghdaíonn siad an baol seachghabháil teagmhasach deilfeanna a fháil san iascach tuinnín, rud a láidiríonn íomhá an iascaigh agus an seans go bhfaighidh sé deimhniú.

Bainistiú Dramhaíola

Lean an t-ionad burlála 'dramheangaí iascaireachta', a bhunaigh BIM, i mbun feidhme in 2011. Bailíodh ocht dtóna de dhramhábhar poileitiléin san iomlán ón tionscal iascaireachta. Bhí sé sin i bhfoirm seanlíonta tráláireachta agus sreanga gléasta i gcomhair líonta colmóra agus anglaite chomh maith le roinnt rópaí. Rinneadh athchúrsáil ar an ábhar sin i bhfoirm millíní agus ansin rinneadh próiseáil air sin, i gcainníochtaí níos lú, go foirm púdair. Baineadh úsáid as an táirge millín agus púdair i dteicnící múnlaíthe agus tástála éagsúla chun sonraíocht theicniúil nó bileog sonraí mhionsonraithe a fháil i gcomhair poileitiléin athchúrsáilte ón tionscal iascaireachta.

Baineadh úsáid as an bhfoirm púdair den ábhar athchúrsáilte chun triail a bhaint as roinnt críochtháirgí féideartha a rinneadh trí mhúnlú rothlach agus atá 'ar an láthair' faoi láthair chun críocha tástála fíor-ama:

- Scipe bruscair a bhfuil branda BIM air le húsáid ag teiliompróir an chalafoirt i Lárionaid Chuanta Iascaigh Bhaile Chaisleáin Bhéarra agus an Daingin.
- Cuireadh gabhdáin stórála líonta beaga nó móra nó gabhdáin stórála sliogéisc ar bord roinnt árthaí i gcomhar le Responsible Irish Fish (RIF).

Tá iarrachtaí ag dul ar aghaidh freisin le cláir tomhaiste éisc a dhéanamh ón ábhar. Tá triail á baint as roinnt samplaí faoi láthair.

Iascach i Láithreáin Natura 2000

In 2011, cuireadh an chéad Mheasúnú Cuí iomlán ar iascach fiáin i gcrích: iascach ruacain Chuan Dhún Dealgan. Cé gur thóg sé sin i bhfad níos faide ná mar a rabhthas ag súil leis agus gur oscail an t-iascach an-deireanach sa bhliain dá bharr, shoiléirigh sé go leor de na ceisteanna a bhaineann leis an bpróiseas Measúnaithe Cuí. Ina ainneoin sin, áfach, ardaíodh tuilleadh ceisteanna maidir le cén saghas faisnéise go baileach a bhí ag teastáil faoi ghníomhaíocht iascaireachta chun an t-eolas ar fad a chur ar fáil do Mheasúnú Cuí, mar thoradh ar thaithí an dara suíomh, Loch Trasna, arb ionann é agus an chéad láithreán iascaigh ilchineálach. Léirigh sé sin an gá le cur chuige athbhreithnithe maidir le faisnéis faoi ghníomhaíocht iascaireachta a bhailiú, go háirithe i gcás iascaigh a mheastar a bheith neamhurchóideach atá i ngnáthóga leochaileacha nó in aice leo.

Osclaíodh iascach ruacain Dhún Dealgan ag tús Mheán Fómhair agus dhún sé ag deireadh mhí na Samhna, agus faoin am sin bhí 325 tona den Ghabháil Iomlán is Incheadaithe (TAC) 510 tona tógtha. Lean foireann oibre cois cladaigh ag bailiú sonraí maidir le gníomhaíocht iascaireachta mar ullmhúchán do Mheasúnuithe Cuí i Loch Súilí, i gCuan Mó agus in Abhainn Phort Láirge. Rinneadh é seo trí agallaimh a chur ar iascairí go pearsanta. Úsáideadh cur chuige ceistneora sna hagallaimh a forbraíodh trí úsáid a bhaint as an taithí a fuarthas ó Loch Trasna. Bainfear úsáid as an bpróifíl ar ghníomhaíocht iascaireachta a bheidh mar thoradh air sin chun cabhrú leis an tionscal Pleananna Natura lascaigh a fhorbairt. Leanfar le cur i bhfeidhm an churtha chuige seo i láithreacha tosaíochta iascaigh eile in 2012. Ina theannta sin agus i gcomhar leis an Institiúid Mhuirí, rinneadh measúnuithe stoic athuaire ar roinnt de na hiascaigh mhóra dhébhlaosacha chladaigh. I measc na n-iascach sin bhí; oisrí agus muiríní Chuan Chill Chiaráin agus oisrí Chuan Thrá Lí.

Árthach Fairtheora

Leanadh ar aghaidh le “Clár Árthach Fairtheora Cladaigh” BIM i mbliana, agus bailíodh sonraí feidhmíochta ó árthaí iascaireachta cladaigh (níos lú ná 10 méadar ar fad) mar a cheanglaítear faoi Chreat um Bailiú Sonraí an AE. Tá faisnéis riachtanach maidir le rátaí gabhála agus feidhmíocht gheilleagrach an chabhlaigh chladaigh sa chlár seo agus chomhlánaigh os cionn 86 árthach ó iascaigh roghnaithe tuairisceáin in 2011.

Clár um V-Eangú

Ghlac breis is 200 árthach páirt sa Scéim um V-Eangú Gliomaigh, Sliogéisc Aiscurtha a Laghdú agus Cur Ar Ais Beo i rith 2011. Fuair na hiascairí seo cúnamh deontais arbh ionann é agus €62,750 chun íoc i bpáirt as na costais a bhain le níos mó ná 9 dtona (timpeall is 12,000) gliomach bainean v-eangaithe a chur ar ais san fharraige, agus iad fós beo, gliomaigh a raibh luach margaidh €120,000 orthu.

Creat um Bailiú Sonraí (CBS)

Na hoibleagáidí náisiúnta atá ann faoi Rialachán an AE um Bailiú Sonraí (RBS) agus faoin gCreat um Bailiú Sonraí (CBS), go háirithe bailiú sonraí geilleagracha ón gcabhlach iascaigh agus ón earnáil próiseála agus dobharshaothraithe, cuireadh i bhfeidhm de réir Chlár Náisiúnta na hÉireann iad. Cineachadh freagracht maidir le bailiú, comhthiomsú agus tuairisciú sonraí geilleagracha ó na hearnálacha dobhairshaothraithe agus próiseála chuig na Rannóga um Dhobharshaothrú agus um Fhorbairt Gnó agus Nuálaíocht, faoi seach, agus

cruthaíodh foireann CBS ar bun i gCloch na Coillte chuige sin.

Forbraíodh foirmeacha bailithe sonraí chun faisnéis iascaireachta agus gheilleagrach a bhailiú ón gcabhlach cladaigh agus ón gcabhlach amach ón gcladach agus cuireadh struchtúr bainistíochta sonraí i bhfeidhm chun sonraí a stóráil agus a aisghabháil. Sa dara leath den bhliain, bogadh an chuid iascaigh den fheidhm CBS chuig spás Oifige BIM, laistigh de Fáilte Éireann, Luimneach.

Cás-staidéar Geilleagrach

Fuair gníomhaíocht chomhoibritheach ag geallsealbhóirí áitiúla, chun doiciméadú agus anailís a dhéanamh ar an leibhéal gníomhaíochta bia mara i réigiún tíreolaíoch Bhaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí, cúnamh ó BIM sa dara leath de 2011. Eiseofar an tuarascáil in 2012. Tá sé i gceist go mbeidh an tsamhail oibre rathúil de threoir agus de chomhoibriú áitiúil, i gcomhar le tacaíocht ó BIM, mar bhunús le staidéir eile dá samhail ar chalafoirt náisiúnta.

Cairt Bainistíochta Iascaigh

Táirgeadh leagan 2011 den Chairt Bainistíochta Iascaigh ina dtugtar mionsonraí faoi rialacháin maidir le bearta teicniúla, cuótaí agus limistéir dhúnta agus dáileadh ar gach úinéir árthaigh cláraithe, údarás inniúil, Comhairle Chomhairleach Réigiúnach agus ball foirne cladaigh é lena scaipeadh.

Comhairle Chomhairleach Réigiúnach Uiscí an Iarthuaiscirt

Cuireadh clár Chomhairle Chomhairleach Réigiúnach Uiscí an Iarthuaiscirt de chruinnithe grúpaí oibre agus coistí feidhmiúcháin i bPáras, in Bilbao agus i mBaile Átha Cliath i gcrích agus cruinniú Comhthionóil Ghinearálta den Chomhairle ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 27 Deireadh Fómhair 2011. Ina theannta sin, d’eagraigh an Rúnaíocht don Chomhairle Chomhairleach Réigiúnach cruinnithe ar leith maidir leis na nithe seo a leanas: Iascach sa Mhuir Cheilteach, Bearta caomhnaithe teicniúla, Athbheithniú ar phleananna athbhunaithe troisc, planáil spásúil mara agus forbairt phleananna bainistíochta fadtéarmacha do sciata agus roc, do chadóg agus d’iascaigh sa Mhuir Cheilteach. Freastalaíodh ar chruinnithe bliantúla na gComhairlí Chomhairleacha Réigiúnacha leis an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara agus leis an ngrúpa rúnaíochta idir na Comhairlí Chomhairleacha Réigiúnacha freisin.

Forbairt Dobharshaothraithe

Tháinig an Plean Forbartha Náisiúnta Bia Mara 2010, a seoladh i ndeireadh 2010, i bhfeidhm i mbliana agus chuir sé ar chumas táirgeoirí dobharshaothraithe leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh i margadh dúshlánach. Tá réimse na gCaighdeán Cáilíochta a thug BIM isteach tar éis cabhrú leis an bhforbairt sin a láidriú agus bhí bliain an-dearfach ag bradán orgánach in ainneoin brú suntasach ar mhargaí idirnáisiúnta sa sé mhí deiridh de 2011. Tá aitheantas idirnáisiúnta bainte amach ag oisrí na hÉireann mar tháirge den scoth agus tá fás ag teacht i gcónaí ar dhíolacháin, go háirithe i margaí brabúsacha na hÁise. Tá an t-éagsúlú leanúnach go táirgeadh diúilicíní orgánacha fásta ar rópaí ag cruthú pointe difreála eile do tháirgeoirí dobharshaothraithe. Lean an Fhoireann Forbartha Dobharshaothraithe ag cabhrú leis an bpróiseas chun an chéad chreidiúnú a fháil do dhiúilicíní a fhásann ar bhun na farraige ó Éirinn ón gComhairle Maoirseachta Muirí. Tá an breac fós ar an bpríomhspeiceas dobharshaothraithe fionnuisce agus tá cabhair theicniúil maidir le teicnící feirmeoireachta níos éifeachtaí a fhorbairt tar éis cur ar chumas na hearnála seo leathnú isteach sa chuid bhreisluacha den slabhra soláthair.

Rannóg Forbartha Tionscadail

Rinneadh infheistíocht iomlán €1.034 milliún sa dobharshaothrú i rith 2011. Fuair an infheistíocht sin, i dtionscadail phríobháideacha agus phoiblí, cúnamh deontais €654,402 ón Státchiste faoi Scéim Deontas um Dhobharshaothrú Tráchtála an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus faoi Scéim um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht Dobharshaothraithe BIM.

De réir an chlár ama atá leagtha síos sa Roadmap to Compliance (2009) (Plean Oibre maidir le Comhlíonadh) a aontaíodh leis an gCoimisiún Eorpach, rinne údarais na hÉireann dul chun cinn suntasach sa “Mheasúnú Cuí” ar ghníomhaíochtaí dobharshaothraithe laistigh de láithreáin Natura 2000 agus in aice leo i rith 2011. Bhí tionchar suntasach ag Natura 2000 ar infheistíocht i ndobharshaothrú. I gcás suíomhanna mara, is é an tÚdarás Inniúil don “Mheasúnú Cuí” an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ní mór sonraí bonnlíne a bhailiú agus a chomhthiomsú, cuspóirí caomhantais a chur le chéile agus próifíl a thabhairt ar dhobharshaothrú, ar iascaireacht agus ar ghníomhaíochtaí eile sna limistéir atá á measúnú chun críocha an phróisis seo. Tá an saothar oibre suntasach seo á dhéanamh ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ag Foras na Mara ag Bord Iascaigh Mhara agus ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

An Scéim Forbartha um Dhobharshaothrú Tráchtála

Is é cuspóir foriomlán na Scéime Forbartha um Dhobharshaothrú Tráchtála den Phlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013 ná forbairt tráchtála an dobharshaothraithe a chur chun cinn ar bhonn atá inbhuanaithe go teicniúil agus ó thaobh airgeadais agus an chomhshaoil de. Fógraíodh glaoch foirmiúil ar iarratais tionscadail faoin Scéim sna Nuachtáin Náisiúnta an 31 Nollaig 2010.

Fuair BIM ocht n-iarratas agus as na hiarratais sin measadh go raibh ceithre cinn neamh-incháilithe.

Thug BIM tosaíocht do cheithre iarratas agus tugadh cúnamh deontais dóibh ina dhiaidh sin tar éis cead a fháil ón mBord Roghnúcháin um Dhobharshaothrú ag cruinniú an 29 Meitheamh 2011.

B'fhíú €193,596 an infheistíocht iomlán a cuireadh i bhfeidhm sa cheithre iarratas a thug BIM tosaíocht dóibh, agus íocadh cúnamh deontais €104,438 air sin.

Scéimeanna Forbartha um Dhobharshaothrú BIM

Mar thoradh ar fhaomhadh Chlár Náisiúnta Bia Mara na hÉireann, bhíothas ábalta chomh maith Scéim BIM um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht Dobharshaothraithe a chur i bhfeidhm. Tá sé mar chuspóir ag an Scéim cuidiú leis an teicneolaíocht nuálach a thriail i ndobharshaothrú tráchtála chun feabhas a chur ar an iomaíochas; chun an indéantacht gheilleagrach agus theicniúil a bhaineann le suíomhanna agus le speicis nua a shocrú; chun cuidiú le bearta a chuirfeadh feabhas ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil, ar shláinte agus ar leas éisc agus ar cháilíocht táirgí; chun sláinte agus sábháilteacht cheirde agus scileanna a chur chun cinn agus chun an dobharshaothrú a chur i bhfeidhm go comhchuí i bpobail chósta agus tuaithe. Cuireadh tacaíocht ar fáil i gcomhair ocht n-iarratas tionscadail is fiche faoi Scéimeanna BIM.

Íocaíochtaí Deontais um Dhobharshaothrú

B'ionann íocaíochtaí deontais le tionscadail BIM faoin Scéim Forbartha um Dhobharshaothrú Tráchtála de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, i rith 2011, agus €104,438.29 ar chostais incháilithe infheistíochta €193,595.72.

B'ionann íocaíochtaí deontais le tionscadail faoi Scéim Deontas um Dhobharshaothrú BIM agus €549,963.87, ar chostais incháilithe infheistíochta €840,591.60.

Cuireadh íocaíochtaí deontais comhcheangailte €654,402 ar fáil don dobharshaothrú in 2011 mar chuid d'infheistíocht iomlán €1,034,187.32 agus tá siad liostaithe de réir tairbhí agus contae sna sceidil ar leathanaigh 52 agus 53.



Sochar a Bhaint as Cumas Bia Mara na hÉireann



Breislúach a Chruthú trí Nuálaíocht

Forbairt Gnó agus Nuálaíocht

Timpeallacht an Mhargaidh

Tá luaineacht phraghsanna shuntasach tar éis a bheith i gceist i margaí idirnáisiúnta bia agus tráchtearraí, agus meastar go leanfaidh sé sin ar aghaidh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Sna blianta atá romhainn, beidh luaineacht phraghsanna á brú chun cinn ag athruithe ar sholáthar, tionchar na haeráide, praghsanna ola, beartais fuinnimh agus beartais chomhshaoil agus trádála.

Leis na dúshlán sin tagann deiseanna atá bunaithe ar éileamh domhanda breise atá á bhrú chun cinn ag fás daonra i dtíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe san Áise agus san Afraic, agus ag meánaicme atá ag méadú ag a bhfuil ioncam indíscartha níos mó. Laistigh den AE, beidh na héilimh ar leith á mbrú chun cinn ag daonra saibhir atá ag dul in aois agus beidh deis ar leith á soláthar don bhia mara agus na buntáistí sláinte a bhaineann leis.

Beidh rochtain ar an soláthar amhábhair ina cheist lárnach i margadh atá ag éirí níos domhandaithe. Tugtar le tuiscint leis na táscairí uile nach dtiocfaidh méadú suntasach ar chuótaí iasc fiáin a ghabhtar sa mheántéarma go fadtéarma, rud a chuirfidh teorainn ar rochtain ar amhábhair. Mar thoradh air sin, tá sé de dhúshlán ag cuideachtaí bia mara na hÉireann breisluach a fháil ó acmhainní reatha, foinsí inbhuanaithe amhábhair a aimsiú, scála agus éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus a mbealach chun an mhargaidh a chomhtháthú.

Tá 40 cuideachta próiseála lárnach in Éirinn, ina láimhseáiltear beagnach 80% den bhia margadh i gcomhair na margaí easpórtála agus baile. Tá láimhdeachas €3 milliún ag an gcuideachta is lú, agus láimhdeachas €50 milliún ag an gcuideachta is mó díobh sin. Tá 70 cuideachta níos lú ag oibriú agus láimhdeachas faoi €1 milliún acu. I gcomparáid leis sin, is é an láimhdeachas atá ag iomaitheoir Eorpach tipiciúil ná thart ar €20 milliún. Tá costais táirgthe níos airde, infheistíocht níos ísle i réimsí straitéiseacha pleanála, forbartha gnó, margaíochta agus nuálaíochta mar thoradh ar an easpa scála in earnáil na hÉireann, agus tá drochthionchar acu sin go léir ar bhrabúsacht. Fágann láthair imeallach thionscal bia mara na hÉireann, i gcás cuideachtaí a bhíonn ag brath ar lóistíocht grúpa, go mbíonn an tréimhse ama a thógtar ó ordú go seachadadh idir 4 agus 6 lá i gceist, i gcomparáid le idir 24 agus 48 uair an chloig ag iomaitheoir atá bunaithe ar mhór-roinn na hEorpa. Tá tionchar na tréimhse ama sin le feiceáil i meánbhrabúsacht ghlan chuideachtaí próiseála bia mara na hÉireann, atá ag 0.94%, i gcomparáid le hiomaitheoirí na hEorpa a bhíonn idir 4% agus 6% go hiondúil (AND International, 2010).

Feidhmíocht na hEarnála

I rith 2011, tháinig méadú ar luach measta earnáil bia mara na hÉireann go €749 milliún, méadú €50 milliún ar fhigiúirí 2010.

Bhí feidhmíocht easpórtálacha bia mara fós go maith agus fás 13% go €430 milliún tagtha orthu, méadú €51 milliún a bhí á bhrú ag praghsanna aonaid níos airde do bhia mara na hÉireann. Bhí praghsanna níos airde á bhfáil ar easpórtálacha iasc geal, sliogéisc agus iasc peiligeach, agus tá bradán orgánach na hÉireann ag coinneáil a luach – toradh a bhí an-dearfach i gcomhthéacs an laghdaithe ar phraghsanna bradáin ar margaí idirnáisiúnta.

I rith 2011, b'ionann easpórtálacha go tíortha san AE agus 80% d'easpórtálacha bia mara uile na hÉireann. Tá fás dearfach ag teacht i gcónaí ar easpórtálacha bia mara na hÉireann chuig an Rúis, chuig an Éigipt, chuig an gCóiré Theas agus chuig an Áise.

An Margadh Baile

I gcomparáid le margaí easpórtálacha buacacha, tá an margadh baile fós deacair, agus laghdú ar chumhacht ceannaigh agus ísliú ar mhisneach na dtomhaltóirí i gceist. I rith 2011, meastar gur laghdaigh an earnáil 4% go €319 milliún.

Mar thoradh ar an deacracht gheilleagrach reatha, tá tomhaltóirí ag ceannach méideanna níos lú, agus níl siad á gceannach chomh minic. Ina theannta sin, tá go leor tomhaltóirí ag ceannach táirgí ar chostas níos ísle agus próitéin níos saoire.

Bhí roinnt comharthaí dearfacha ann, áfach –

- Is ionann táirgí bia mara breisluacha 'réidh le hithe' agus 41% de tháirgí réamhphacáilte úra, agus tá fás ar an earnáil mhargaidh sin.
- Tá déanta go maith ag colmóir agus faoitín, tar éis roinnt feachtais phoiblíochta do thomhaltóirí.
- Tá iasc ar an tríú próitéin is mó ó thaobh díolacháin de, agus féachann tomhaltóirí air mar an rogha is sláintiúla.

Clár Forbartha Gnó agus Nuálaíochta agus Cuspóirí

Is é cuspóir an chláir Forbartha Gnó agus Nuálaíochta (FGN) uasmhéadú a dhéanamh ar chumas earnála bia mara na hÉireann trí sheirbhísí tráchtála ábhartha a sholáthar a spreagfaidh fás an ghnó bia mara, mar aon le brabúsacht agus fostaíocht.

Mar chuid de Straitéis BIM 2010 - 2012, Delivering on the potential of Irish Seafood (Sochar a Bhaint as Cumas Bia Mara na hÉireann), díríonn FGN ar cheithre chuspóir lárnacha a dtugann punann gníomhartha tacaíocht dóibh.

1. Príomh-shaincheisteanna earnála a réiteach trí Bhainistiú Catagóire Bia Mara.
2. Fócas tráchtála níos géire a fhorbairt i gcomhar le cuideachtaí próiseála agus díolacháin bhia mara.
3. Breisluach a chruthú trí nuálaíocht agus trí tháirgí nua a fhorbairt trí Ionad um Fhorbairt ar Bhia Mara BIM (IFBM).
4. Idirdhealú a dhéanamh san áit mhargaidh idir Bia Mara na hÉireann agus bia mara eile trí leas a bhaint as lipéadú agus brandáil cháilíochta, orgánach agus éiceolaíoch.

1. Príomh-shaincheisteanna earnála a réiteach trí Bhainistiú Catagóire Bia Mara

Soláthraíonn Bainistiú Catagóire Bia Mara dearcadh comhtháite ar phríomhchatagóirí bia mara (iasc peiligeach, iasc geal, bradán agus sliogiasc), ón bpróiseas táirgeachta go dtí go gcuirtear ar an margadh iad. I rith 2011, forbraíodh pleananna mionsonraithe maidir le bainistiú de réir catagóirí d'iasc peiligeach, do chloicheán, do phortán, d'iasc geal agus do dhiúilicíní.

Cloicheán - aithníodh na príomh-shaincheisteanna lena n-áirítear an gá atá le sainiúlacht ar leith a fhorbairt do chloicheáin na hÉireann ionas gur féidir le custaiméirí idirdhealú a dhéanamh idir cloicheáin na hÉireann agus cloicheáin eile agus na buntáistí uathúla a bhaineann le táirge na hÉireann a aithint. I measc na ngníomhaíochtaí breise atá le déanamh tá suíomh Gréasáin catagóire le forbairt le haghaidh cloicheán agus obair forbartha táirge nua le déanamh ar an speiceas.



Iasc Peiligeach - Tá an plean dírithe go sonrach ar bhreisluach a chruthú i gcomhair speicis nua m.sh. torciasc agus tuinnín colgach, táirgí nua miondíola ronnaigh a fhorbairt mar aon le réimse anlann agus táirgí deataithe a mbeidh seilfré níos faide acu. Tá na cláir um ghnó bia mara dírithe ar chéad ghlúin eile na mbainisteoirí in earnáil na n-iasc peiligeach.

Portán - Tá an plean le haghaidh chatagóir na bportán á fhorbairt agus tionscadail á gcur i gcrích chun an méid portán a fhaigheann bás le linn iompair a laghdú. Tá láithreán Gréasáin á fhorbairt chun idirdhealú a dhéanamh maidir le portáin agus iad a chur chun cinn i measc trádálaithe idirnáisiúnta. Déanann FGN comhordú ar tháirgeadh agus ar shonraí margaidh do Ghrúpa Margaíochta na gCrústach.

Diúilicíní - Chuir BIM tús le Grúpa Gníomhaíochta um Dhiúilicíní a Fhástar ar Rópaí (RMAG) le saincheistanna tábhachtacha na hearnála a aithint agus déileáil leo; margáí diúilicíní orgánacha a fhorbairt, imscrúdú a dhéanamh ar MSC le haghaidh diúilicíní, forbairt táirgí nua agus bealaí nua a aimsiú chun an mhargaidh agus struchtúir an tionscail.

Bradán - Ar na príomh-shaincheistanna tá conas cur leis na méideanna iasc trí Dhobharshaothrú Eischósta, bradán orgánach a idirdhealú ó bhradán eile ar an margadh, táirgí nua bradáin a fhorbairt agus éifeachtacht próiseála a mhéadú.

Iasc Geal - cuireadh tús le pleanáil i Samhain 2011. Ar an obair atá ar siúl cheana féin in earnáil na n-iasc geal tá iarrachtaí le cur ina luí ar áirdeacht eachtrannacha a gcuid iasc a chur i dtír in Éirinn le cur leis an soláthar chomh maith le cur chun cinn na glár barainneach próiseála i gcomhair leis an earnáil.

Chuir an Scéim um Bainistiú Catagóire Bia Mara ar chumas BIM 14 thionscadal comhleasa a fhorbairt agus a mhaoiniú le déileáil le príomh-shaincheistanna catagóire.

An Tionscadal um Mol Bia Mara Eorpach

Tá earnáil bhia mara na hÉireann ilroinnte agus níl scála mór go leor againn ó thaobh struchtúir phróiseála ná láithreachta ar mhargáí tábhachtacha de againn (tá sciar 1-3% den mhargadh againn). Mar gheall ar na míbhuntáistí iomaíocha sin, faigheann cuideachtaí na hÉireann praghsanna agus torthaí níos ísle i gcomparáid le hiomaitheoirí idirnáisiúnta.

Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna sin, rinne BIM staidéar féidearthachta maidir le mol bia mara a bhunú mar chomhfhiontar idir cuideachtaí na hÉireann ag Boulogne-Sur-Mer ar mhórthír na hEorpa. Is é cuspóir thionscadal an 'Mhoil' ná cur ar chumas Thionscal Bia Mara na hÉireann feabhas a chur ar éifeachtúlacht, ar iomaíochas agus ar bhrabúsacht trí bharrainneachtaí scála a fhorbairt, trí chomhdhlúthú (acmhainní agus gníomhaíochtaí cuideachtaí aonair) agus leas a bhaint as an scála feabhsaithe seo chun an Bealach chun an Mhargaidh (RTM) a chomhtháthú go hingearach agus seirbhís fheabhsaithe a sholáthar do thomhaltóirí.

Léiríonn an staidéar féidearthachta go bhféadfaí brabús glan na gcuideachtaí rannpháirteacha a fheabhsú ó na leibhéil reatha de 1% go dtí idir 5-6% trí scála níos fearr agus toisc go mbeidís gar do na custaiméirí miondíola agus lónadóireachta.

Tá sé beartaithe go dtosófar an tsaoráid ar scála píolótach ar dtús, agus lucht díolacháin áitiúil ann, agus ansin le himeacht ama go ndéanfar í a fhorbairt go dtí go mbeidh sí ina hionad lán-tráchtálaithe ina ndíolfar bia mara brandáilte na hÉireann. Cuirfear an staidéar i láthair lucht an tionscail i mí Eanáir 2012, ag an am céanna is a sheolfar pacáiste dea-mhéine tacaíochtaí do chuideachtaí ar mian leo páirt a ghlacadh sa tionscadal.

2. Fócas tráchtála níos géire a fhorbairt le cuideachtaí a phróiseálann agus a dhíolann bia mara

Bainistiú Phríomhchuntas (BPC)

Rinne BIM tuilleadh forbartha ar an gcóras BPC le freastal níos éifeachtúla a dhéanamh ar a gcomhpháirtithe sa tionscal. Ciallaíonn BPC go bhfuil príomhphointe teagmhála amháin ag cuideachtaí próiseála agus díolacháin bhia mara le haghaidh seirbhísí BIM. Is é an sprioc ná é a dhéanamh níos éasca do chuideachtaí déileáil le BIM agus a chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil ar bhealach comhordaithe éifeachtach.

Clár um Ghnó Bia Mara, Comhthionscadal de chuid BIM agus na mBord Fiontar

I rith 2011, d'oibrigh BIM i gcomhar leis na Boird Fiontar Contae Réigiúnacha i Loch Garman, i nGaillimh agus i nDún na nGall chun Clár um Ghnó Bia Mara a chur ar fáil a chuideodh le 28 cuideachta bia mara a gcuid pleananna gnó, brandaí, táirgí nua agus pacáistí a fhorbairt.

Scéim Infheistíochta um Próiseáil

D'oibrigh BIM thar ceann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus le húdarás na Gaeltachta chun dhá ghlaoh a riaradh faoin Scéim Infheistíochta Gnó um Próiseáil Bia Mara i rith Lúnasa 2011. Cé gur chruthaigh na spriocdhátaí daingne roinnt deacrachtaí, cúis mhisnigh ba ea an toradh nuair a ceadáíodh 30 tionscadal a raibh infheistíocht iomlán €7 milliún i gceist leo. Tabharfar €1.752 milliún mar chúnamh deontais agus measfar go ngnóthófar €38 milliún i ndíolacháin agus go gcruthófar 191 post nua faoi 2014.

Laghdú ar Chostais Phróiseála - Clár Barainneach SeaPro agus Clár Glas um Bia Mara

Tugadh Clár Tosaithe Barainneach BIM, "SeaPro", do 6 chuideachta Bia Mara mar gheall ar an rath a bhí ar an gclár pólótach in 2010. Is é aidhm an chlár ná éifeachtacht oibriúcháin a mhéadú agus an cumas táirgeachta a fheabhsú sa chaoi go laghdófar costais agus go gcuirfear feabhas ar staid iomaíoch na gcuideachtaí ar an dóigh sin. Ba é €600,000 an coigilteas iomlán bliantúil a bhí déanta ag na cuideachtaí rannpháirteacha le chéile go dtí deireadh 2011. Bunaithe ar an rath a bhí ar an gclár Tosaithe Barainneach, forbraíodh Ardchlár Barainneach le haghaidh na gcuideachtaí sin a bhfuil sé ar intinn acu a bheith níos éifeachtaí fós.

Is é aidhm an Chláir Ghlais um Ghnó Bia Mara ná costais fhoriomlána chomhshaoil na hearnála a laghdú agus clár feasachta a chur ar fáil san earnáil phróiseála bhia mara ar an ngá atá le hiomhá níos glaine agus níos glaise a bheith acu maidir le bia mara chun margaí nua a chothú agus chun cabhrú leo. I rith 2011, tugadh cúnamh do 7 gcuideachta bia mara chun an méid uisce agus fuinnimh a bhíodh á n-úsáid acu a laghdú. Tá na tascanna oibre á gcur i gcrích ag na cuideachtaí agus tá siad níos éifeachtúla anois agus iad ag sábháil costas de bharr spáráil uisce agus fuinnimh.

Cumas Próiseála

Cuireann Seirbhísí Próiseála seirbhísí fabhtcheartaithe ar fáil mar aon le seirbhísí meantóireachta caighdeán agus fios gnó próiseála. Reachtáladh ceardlanna réigiúnacha inar cuireadh oiliúint ar fáil don tionscal faoi bhainistiú sábháilteachta bia (agus é creidiúnaithe ag FETAC) agus faoi nósanna imeachta maidir le hanailís ghuaise agus phointí rialúcháin criticiúla (AGPRC). Tugadh cúnamh do roinnt de na cuideachtaí tábhachtacha stádas Cuibhreannais Mhiondíola na Breataine a bhaint amach.

Clár Miondíola & Seirbhíse Bia

Baineann an clár seo leis na hearnálacha miondíola agus seirbhísí bia agus tá sé mar phríomhchuspóir aige an gnó bia mara sa mhargadh intíre a mhéadú.

Tá Ciorcal Bia Mara BIM ina phríomhchuid den chlár agus is scáth-théarma é do mhórchuid tionscnamh san earnáil seo.

Ag obair trí líonra an Chiorcail Bhia Mara, tá sé mar chuspóir ag an gclár seo forbairt leanúnach a dhéanamh ar an margadh intíre trí cháilíocht, láimhsiú agus cur i láthair an bhia mara sna hearnálacha miondíola agus seirbhísí bia a fheabhsú. Tháinig méadú go dtí 193 ball ar líon na mball sa Chiorcal Bia Mara i rith 2011.

Cuireadh ceardlanna maidir le bainistiú an fhuarshlabhra, lipéadú, brandáil agus seirbhísí do chustaiméirí ar fáil do bhaill mhiondíola i mbliana. Chuidigh meantóireacht ar an láthair le miondíoltóirí caighdeán níos fearr a bhaint amach agus tharla méadú ina dhiaidh sin ar dhíolacháin.

Thug BIM isteach Dámhachtainí Rogha na Catagóire isteach chun aitheantas a thabhairt do shármhaitheas sna hearnálacha éagsúla.

Ceardlann faoi Dhiol Miondíola

I rith na bliana, chuir BIM II-Chlár Forbartha Díolacháin Mhiondíola ar fáil do chuideachtaí bia mara intíre mar aon le tacaíocht meantóireachta ar leith agus cabhair leantach ó speisialtóir miondíola.

3. Breisluach a chruthú trí nuálaíocht agus trí tháirgí nua a fhorbairt trí Ionad um Fhorbairt ar Bhia Mara BIM (IFBM)

Bíonn obair ar siúl ag Ionad um Fhorbairt ar Bhia Mara BIM chun cuidiú le cuideachtaí bia mara na hÉireann luach breise a chur lena gcuid táirgí, trí nuálaíocht agus trí tháirgí nua a fhorbairt, rud a chinníonn go gcoinníonn a gcuid táirgí cos le roghanna na dtomhaltóirí a bhíonn ag athrú.

Tacaíonn an IFBM le cuideachtaí bia mara na hÉireann tríd a gcumas i roinnt príomhréimsí a fheabhsú, lena n-áirítear forbairt táirgí nua, pacáistiú nua agus teicneolaíochtaí próiseála atá ar thús cadhnaíochta. Cabhraíonn IFBM le cruthú cuideachtaí bia mara nuathionscanta trí spásanna gorlainne agus tacaíocht a sholáthar agus cuirfidh siad bonn próiseála speisialtóireachta bia mara ar fáil do chéimithe atá á n-ionduchtú isteach san earnáil.

D'oibrigh os cionn 300 fiontar ar smaointe forbartha trí bhíthin an ionaid in 2011. Seoladh os cionn 20 táirge nua le cabhair IFBM. D'éirigh go maith ar an margadh le gach táirge a seoladh. Tugadh cúnamh i gcás táirgí atá ar an margadh maidir le pacáistiú nua a fhorbairt agus síneadh a chur lena seilfré. Tugadh faoi obair i gcomhpháirtíocht le príomh-mhiondíoltóirí chun nuálaíocht bunaithe ar an margadh a fhorbairt. D'fhuascail cuideachtaí bia mara fiche dearbhán nuálaíochta agus d'úsáid siad iad chun smaointe a fhorbairt. In ainneoin áititheoirí a bheith ag teacht agus ag imeacht níor fágadh aon aonaid goir sa tsaoirid folamh. Bronnadh gradam Nuálaíocht Bia Mara BIM ar Keohane's Seafood ag dámhachtainí Blas na hÉireann mar gheall ar an bpacáistiú nuálach atá acu do bhia mara ar féidir é a úsáid in oigheann micreathonnach.

Scéim Forbartha Iarchéimthe Bia Mara - a bhfuil sé d'aidhm aici tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála trí chéimithe speisialaithe a bhfuil scileanna forbartha gnó agus teicneolaíochta bia acu a earcú agus a chur ag obair trí bhíthin IFBM ar thionscadail cuideachtaí bia mara. In éineacht le hobair phraiticiúil tionscadail a dhéanamh le cuideachtaí bia mara, tabharfar oiliúint fhoirmiúil do chéimithe i dteicneolaíocht bia mara, i bhforbairt gnó agus sa nuálaíocht (suas go dtí leibhéal teastais nó dioplóma). Le linn 2010/2011, ghlac ceithre chéimí páirt sa scéim. Tá na céimithe ard-oilte ag sásamh an éilimh atá sa tionscal bia mara ar shaineolaithe dea-oilte agus spreagtha.

Scéim um Breisluach Bia Mara - Sheol BIM an Scéim um Breisluach Bia Mara in 2011 le cuidiú le cuideachtaí próiseála bia mara maidir leis an gcostas a bhaineann le taighde margaidh, forbairt smaointe faoi tháirgí agus pacáistiú, saoraidí forbartha a fháil ar cíós, tástáil táirgí agus pleanáil gnó chun luach níos airde agus breisluach a fháil le haghaidh táirgí bia mara. Rinneadh 32 iarratas faoin scéim agus tugadh €170,000 san iomlán mar chúnamh deontais le cur leis an méid a bhí á chaitheamh ag lucht an tionscail ar choincheapa faoi bheisluach agus faoi bhealaí chun an mhargaidh.

4. Bia Mara na hÉireann a Dhifreáil

Ós rud é go bhfuil cuideachtaí bia mara na hÉireann ag obair i margadh iomaíoch, oscailte domhanda - tagann 65% de bhia mara an AE ó thríú tíortha a bhfuil chostas níos ísle acu - tá sé riachtanach bia mara na hÉireann a scaradh amach ó na hiomaitheoirí sin agus a thaispeáint gur bia mara ardchaighdeán ó fhoinshe shaibhir é bia mara na hÉireann.

Lean BIM ar aghaidh i mbliana le dhá thionscnamh chun idirdhealú a dhéanamh idir bia mara na hÉireann agus bia mara eile sa mhargadh idirnáisiúnta agus intíre:

- Scéimeanna deimhniúcháin chineálaigh: Scéimeanna Éiceolaíochta, Orgánacha, agus Scéimeanna um Maoirseacht ar Iascaireacht Fhreagrach agus Clár BIM um Bia Mara Ard-Cháilíochta (CBMC).
- Clár um chumas brandála do Chuideachtaí: Chuidigh BIM le roinnt cuideachtaí bia mara chun coincheap brandála, pacáistiú agus cumarsáid tacaíochta a fhorbairt le linn 2011; cuideachta nua iasc geal, táirgeoir diúilicíní orgánacha agus próiseálaí portán. Ina theannta sin, sheol BIM an lámhleabhar 'Branding your Seafood Business' a thugann chabhair do chuideachtaí bia mara branda gairmiúil agus cuma shainiúil a bheadh oiriúnach don mhargadh a fhorbairt dóibh féin.

Oiliúint

Chuir BIM 1234 áit oiliúna ar fáil do dhaoine atá ag obair sa tionscal bia mara ina n-ionaid oiliúna sa Chaisleán Nua i gCo. Dhún na nGall, i mBaile Chaisleáin Bhéarra i gCo. Chorcaí agus ina Aonaid Oiliúna Chósta shoghluaiste a thug cuairt ar 29 suíomh ar an gcósta in 2011. Ina theannta sin, tionóladh roinnt ceardlann agus seimineár ar ábhair éagsúla timpeall an chósta.

Oiliúint lascaigh agus Dobharshaothraithe

I rith na bliana, críochnaigh 32 iascaire cúrsaí oiliúna sa Chaisleán Nua agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra agus bronnadh Deimhnithe Inniúlachta na Roinne Iompair, turasóireachta agus Spóirt orthu mar Oifigigh Dheice (Árthach lascaireachta) dá mbarr. Rinne ocht mac léinn déag staidéar le haghaidh Deimhniú Inniúlachta na Roinne agus FETAC mar Oifigigh Innealtóireachta (Árthach lascaireachta) Aicme 3 agus Aicme 2 agus chríochnaigh 40 eile an modúl FETAC maidir le Próisis Innealtóireachta Mara atá deartha go sonrach le haghaidh árthaí cladaigh. Tugadh Deimhniú um Chomhrac Dóiteáin Muirí a chomhlíonann riachtanais STCW- 95 ar chéad iascaire tar éis dianchúrsaí oiliúna 3 lá agus 5 lá a rinne siad in aonad nua-aimseartha oiliúna BIM um chomhrac dóiteáin sa Chaisleán Nua. Bronnadh cúig Theastas is seasca orthu siúd a chríochnaigh na cúrsaí faoi Chórais Loingseoireachta Leictreonaí agus faoi Rialú Loingseoireachta. Bronnadh ocht gcinn is fiche de Dheimhnithe Inniúlachta um Báid Phaisinéirí de chuid na Roinne agus FETAC ar iascairí atá ag iarraidh aistriú go turasóireacht mhuirí nó go dobharshaothrú agus ar oibreoirí árthaí dobharshaothraithe a iompraíonn pearsanra feirme éisc cheana féin. Chuir sé fhear agus bhean óga is fiche a n-ainmneacha síos chun oiliúint a fháil a mbronnfar Bunteastas FETAC agus Teastas FETAC, Leibhéal 5 in Iascaireacht Tráchtála agus i nDobharshaothrú orthu ina leith. Tá scileanna deisithe eangach ag éirí níos gainne sa tionscal le blianta beaga anuas, agus chun na scileanna sin a fhoghlaim chríochnaigh ceathrar modúl FETAC i gCothabháil agus i nDeisiú Trealamh Iascaireachta, trí chúrsaí calafoirt a bhí ar siúl sna hAonaid Oiliúna Chósta. Chomh maith leis sin, fuair 139 pearsanra iascaigh agus dobharshaothraithe deimhniú na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le Cumarsáid Raidió i dtaca leis an gCóras Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí (GMDSS).

Oiliúint Sábháilteachta Bia Mara

I rith 2011, rinne baill foirne BIM meantóireacht maidir le teicnící sábháilteachta bia mara ar 50 duine de phearsanra an tionscail bhia mara, lena n-áirítear roinnt iascairí a ndéantar bia mara a reo ar bord a gcuid árthaí. Rinne naoi nduine is fiche díobh siúd staidéar ina dhiaidh sin chun Teastas FETAC a fháil i mBainistíocht Sláinteachais Bhia Mara agus in Anailís Ghuaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla (AGPRC) Rioscabhunaithe do Ghnólaicteáí Bia Mara ag ionaid i mBaile Átha Cliath, i gCloich na Coillte, i nGaillimh, i gCeann Clochair agus i nDún na nGall. Bhí an chuid is mó acu ag obair cheana féin sa tionscal bia mara, cé go raibh cinneadh déanta ag cuid eile acu dul ar chosáin ghairme nua agus tús a chur le fiontair bhia mara dóibh féin.

Oiliúint Sábháilteachta

Eisíodh 309 Cárta Bunoiliúna Sábháilteachta BIM in 2011 de bharr feachtais ar fud na tíre chun sábháilteacht mhara a chur chun cinn. Thug BIM a CD-ROM faoi Ráitis Sábháilteachta le haghaidh Árthaí Iascaireachta na hÉireann cothrom le dáta lena chur in oiriúint do na ceanglais dhlíthiúla nua. Cabhraíonn an acmhainn uathúil seo le scipéirí nó le húinéirí Beartas Sábháilteachta, Ráiteas Sábháilteachta agus Measúnú Riosca a dhréachtú le haghaidh árthaí iascaireachta a mbíonn ceathrar criú nó níos mó orthu. Tá formhór na n-árthaí sin níos mó ná 15 méadar ar fhad. D'iarr an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta cúnamh BIM maidir le doiciméad Measúnaithe Riosca simplithe mar aon le Nótaí Treoracha le haghaidh árthaí iascaireachta níos lú ná 15 méadar ar fhad a mbeadh triúr criú nó níos lú orthu d'fhonn feabhas a chur ar shábháilteacht cheirde na gcriúnna ar árthaí iascaireachta. Chuathas i gcomhairle leis an tionscal in 2011 agus scaipfear an doiciméad deiridh ar an gcabhlach cladaigh, le tacaíocht ó cheathrar ball foirne cósta BIM a bhfuil an-taithí acu agus a bhfuil cáiliúcht nua faighte acu i Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde.

Seimineáir Ceardlanna agus Imeachtaí Gairme

I rith 2011, ghlac 100 duine san iomlán páirt i gceardlanna agus i seimineáir BIM ar na hábhair seo a leanas: sábháilteacht ar muir, próiseáil bia mara agus dobharshaothrú sliogéisc. Chomh maith leis sin, ghlac baill foirne BIM páirt i seacht n-imeacht réigiúnacha faoi ghairmeacha beatha agus i gceithre fhéile i gcalafoirt iascaireachta timpeall an chósta, chun gairmeacha beatha sa tionscal bia mara a chur chun cinn i measc na dtreoirchomhairleoirí scoile agus i measc na ndaltaí chomh maith.



Seirbhís Uathúil Oiliúna agus Breisoiliúna a sholáthar don Tionscal

Oiliúint (ar lean)

	Líon na Mac Léinn
Deimhnithe na Roinne Iompair	
Deimhniú Iomlán na Roinne Iompair mar Oifigeach Deice (Árthach lascaireachta) Scipéir	7
Deimhniú Iomlán na Roinne Iompair mar Oifigeach Deice (Árthach lascaireachta) Dara Duine den Chriú	21
Deimhniú Teoranta na Roinne Iompair mar Oifigeach Deice (Árthach lascaireachta) Dara Duine den Chriú	4
Deimhniú na Roinne Iompair / FEETAC mar Oifigeach Innealtóireachta (Árthach lascaireachta) Rang 3	16
Deimhniú na Roinne Iompair / FEETAC mar Oifigeach Innealtóireachta (Árthach lascaireachta) Rang 2	2
Deimhniú na Roinne Iompair / FEETAC in Inniúlacht Bád Paisinéirí	28
Cúrsa faoi Rialú Loingseoireachta (lascaireacht)	25
Córais Loingseoireachta Leictreonaí (lascaireacht)	40
Fo-iomlán	143
Sábháilteacht ar Muir	
Cúrsa éigeantach Oiliúna 3-lá faoi Shábháilteacht Bhunúsach	309
Teicnící Marthanais Phearsanta	175
Garchabhair Bhunúsach	138
Cosc Dóiteáin agus Feasacht Sábháilteachta	0
Comhrac Dóiteáin Muirí	63
Ardchúrsa faoi Chomhrac Dóiteáin Muirí	37
Garchabhair Leighis ar Bord Loinge	54
Láimhsiú agus Oibriú Géag Chraenach agus Géag Theilgte	42
Sláinte & Sábháilteacht Cheirde	12
Fo-iomlán	830
Cúmsáid Raidió	
Deimhniú Gearr-raoin GMDSS 1	42
Deimhniú Gearr-raoin GMDSS 2	2
Deimhniú Gearr-raoin GMDSS 1 & 2	34
Deimhniú Oibreora Shrianta GMDSS	11
Deimhniú Fadraoin GMDSS	11
Deimhniú Oibreora Ghinearálta GMDSS	39
Fo-iomlán	139
Oiliúint Scileanna agus Teastais FETAC / HETAC	
Bunchúrsa FETAC in Iascach, Leibhéal 3	16
Teastais FETAC in Iascach agus i nDobharshaothrú, Leibhéal 5	10
Modúl FETAC i Láimhsiú Bád Oibre	0
Modúl FETAC i Loingseoireacht & Cobhsaíocht	7
Modúl FETAC i bhFás Feamainne	0
Modúl FETAC i bPróisis Innealtóireachta Muirí	40
Modúl FETAC i mBainistíocht Sláinteachais Bhia Mara	7
Modúl FETAC in AGPRC Rioscabhunaithe do Ghnólachtaí Bia Mara	34
Modúl FETAC i gCothabháil agus Deisiú Trealamh Iascaireachta	4
Teastais HETAC i Sláinte agus Sábháilteacht	4
Fo-iomlán	122
Soláthar Iomlán Oiliúna	1,234
Ceardlanna & Seimineáir	
Ceardlanna faoi Ghléasanna Snámhachta Pearsanta, faoi Shábháilteacht Bia Mara agus faoi Dhobharshaothrú	100

Rialachas Corparáideach

Cruinnithe an Bhoird

Tionóladh cruinnithe Boird in 2011 in ionaid timpeall an chósta. Nuair a bhíonn cruinnithe réigiúnacha ar siúl is féidir idirghníomhú níos fearr a bheith ann idir an bord agus pobal bia mara an chósta. Príomhthosaíocht de chuid BIM is ea an t-idirghníomhú sin a chur chun cinn i ngach cuid dá ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus forbartha.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2010

Shínigh an Bord an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais don bhliain 2010 an 18 Meitheamh, 2011 agus shínigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iad an 24 Meitheamh, 2011. Beidh na Tuarascálacha Bliantúla i nGaeilge agus i mBéarla ar fáil i gcóip bhog agus sin amháin ó 2012 ar aghaidh d'fhonn costais phriontála a spáráil.

Córais Faisnéise agus Straitéisí

Lean BIM ar aghaidh ag feabhsú agus ag uasghrádú a thimpeallacht TF i rith 2011, chun coigiltis, éifeachtacht agus slándáil a chinntiú trí uathoibriú. Fuair BIM tacaíocht shuntasach ónár máthair-roinn, (An Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara) rud a chuir ar ár gcumas seirbhís chobhsaí, iontaoifa TF a sholáthar ar fud na heagraíochta in 2011. Rinneadh iniúchtaí mionsonraithe ar an bhfeidhm TF in 2011, mar chuid de phróiseas leanúnach an Rialachais Chorporáidigh.

Oiliúint Foirne

Chuir BIM 95 áit ar fáil le haghaidh cúrsaí in 2011. Chríochnaigh beirt bhall foirne cúrsaí céime, agus chríochnaigh triúr ball foirne cúrsaí Diplóma. D'fhreastail 22 duine ar naoi gcúrsa teastais agus bronnadh teastais orthu dá bharr. D'fhreastail 45 duine eile ar chúrsaí breisoiliúna. Is fostóir comhdheiseanna é BIM. Tá sé tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú dá phearsanra agus tá na cláir forbartha foirne dírithe ar an gcuspóir sin. Baineann an tiomantas sin do chomhionannas le ról BIM in oiliúint pearsanra san earnáil bia mara áit a gcinntítear rochtain chothrom ar oiliúint.

Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

Tá BIM tiomanta do chur chun feidhme fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Tá beartas agus ráiteas sábháilteachta scríofa i bhfeidhm mar aon le Buan-Nósanna Imeachta Oibriúcháin a bhaineann go sonrach le gníomhaíochtaí áirithe a léiríonn na bearta cuí atá riachtanach chun sláinte agus sábháilteacht cheirde na bhfostaithe agus na

gcuairteoirí ar fad in áitreabh BIM a chinntiú. Déantar nósanna imeachta agus córais bhainistithe sláinte agus sábháilteachta a athbhreithniú agus a nuashonrú go leanúnach.

Forbhreathnú ar Fhuinneamh

D'ídigh BIM 3054 MWh fuinnimh in 2011

- 2,154 MWh leictreachais
- 900 MWh de bhreoslaí iontaise

Ceannaítear leictreachas den chuid is mó ó sholáthraithe a úsáideann breoslaí in-athnuaite chun cuid dá gcuid fuinnimh a ghiniúint. Den mhéid fuinnimh a d'úsáid BIM, úsáidtear 69% den leictreachas chun oighear a tháirgeadh agus a stóráil agus úsáidtear an chuid eile in áitribh na heagraíochta (oifigí agus coláistí oiliúna). Úsáidtear 90% den ola chun áitribh a théamh (oifigí agus coláistí oiliúna) agus úsáidtear an 10% eile sa dá ártach atá á n-oibriú ag BIM agus chun leictreachas a ghiniúint in dá aonad oiliúna shoghluaiste. Ní féidir an méid fuinnimh a úsáidtear le haghaidh iompair ar bhóithre a mheas agus níor cuireadh san áireamh é. Tharla laghdú ar an méid leictreachais a úsáideadh i dtáirgeadh oighir in 2011 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin toisc gur dúnadh dá ghléasra oighir. Leanfaidh an méid leictreachais a úsáidtear ar aghaidh ag laghdú sa dá bhliain atá romhainn de réir mar a chuireann BIM deireadh diaidh ar ndiaidh le táirgeadh oighir. Tháinig méadú beagnach 15% ar idiú breosla iontaise i rith na bliana i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus tharla sé sin den chuid is mó mar gheall ar an tréimhse gheimhridh a bhí níos faide agus níos fuaire.

Rochtain Chomhtháite ar Sheirbhísí

Tá sé d'aidhm ag BIM a chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar na seirbhísí a chuireann siad ar fáil don phobal i gcoitinne nuair is praiticiúil agus nuair is cuí, mar atá leagtha amach san Acht um Míchumas 2005. Tá BIM tiomanta chomh maith do chur i bhfeidhm an Chóid Chleachtais maidir le hinrochtaineacht Faisnéise agus Seirbhísí Poiblí arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí.

Comhlíonann BIM ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus déileáladh le cúig fhiosrúchán fúthu in 2011.

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

LE CUR BHAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

An Bord Iascaigh Mhara

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Is éard atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sna ráitis, an Ráiteas ar na Beartais Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe Airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú de réir an dlí infheidhme agus an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Rinne mé m'iniúchadh agus mé ag cur san áireamh na gcúinsí speisialta a bhaineann le bainistiú agus le feidhmiú na gcomhlachtaí Stáit.

Chuir mé m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoin nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear air sin measúnú ar an méid seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach maidir le cúinsí an Bhoird nó nach bhfuil, cibé ar cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach nó nár cuireadh agus cibé ar nochtadh iad ar bhealach sásúil nó nár nochtadh
- a réasúnaí is a bhí meastacháin shuntasacha chuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith le linn m'iniúchta fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Breathnaím ar na himpleachtaí ó thaobh mo thuarascála má thagann sé chun m'fheasa go bhfuil aon mhíráitis dhealraitheacha nó neamhréireachtaí ábhartha ann.

Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn agus go dtugann siad léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Is é mo thuairim ná gur choinnigh an Bord leabhair chuí chuntais. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntasaíochta.

Ábhair a dTugaim Tuairisc Orthu mar Eisceacht

Tugaim tuairisc mar eisceacht más rud é

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- gur thug mé aon chás ábhartha faoi ndearna le linn m'iniúchta inar úsáideadh airgead do chuspóir eile seachas don cheann a bhí beartaithe dó, nó mura ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird dá bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Bord ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú mar eisceachtaí.



Andrew Harkness

Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
29 Iúil 2012

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Ceanglaítear ar an mBord, faoi Alt 9(1) den chéad sceideal leis an Acht lascaigh Mhara, 1952, ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a fhorghasfaidh an tAire Talmhaíochta, lascaigh agus na Mara agus le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Bord lascaigh Mhara air i mbun feidhme.
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann le beachtas réasúnta tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird lascaigh Mhara agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na ceanglais reachtúla. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní an Bhoird lascaigh Mhara a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois, mar aon le míraltachtaí eile, a chosc agus a aimsiú.



Rose McHugh
Cathaoirleach



Tomás Kavanagh
Ball den Bhord

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Tuigeann Baill an Bhoird go bhfuil siad freagrach as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais. Tá córas um rialú inmheánach airgeadais den saghas sin ceaptha chun rioscaí gnó a bhainistiú in ionad iad a dhíbirt agus ní féidir leis ach cinntiú réasúnta a thabhairt, seachas cinntiú iomlán, i gcoinne míráitis nó caillteanas ábhartha. Seo a leanas na príomhnósanna imeachta a leag Baill an Bhoird síos d'fhonn féachaint le córas um rialú inmheánach éifeachtach airgeadais a chur ar fáil:

- Béim shoiléir ar chuspóirí gnó faoi mar a chinneann an Bord i bhfianaise na gceanglas reachtúil.
- Struchtúr sainithe eagrúcháin ina bhfuil freagrachtaí leagtha amach go soiléir, tarmligean údarais agus deighilt idir dualgaís a fhéachann le timpeallacht chuí rialaithe a chruthú.
- Próiseas um bainistíocht rioscaí a dhéanann breithniú ar phleananna straitéise agus gnó i gcomhthéacs phróiseas an bhuiséid bhliantúil tráth a leagtar amach agus a dhéantar athbhreithniú ar phleananna agus ar spriocanna airgeadais ag an mBord i bhfianaise na spriocanna cinntithe.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanann an Bord ar an mbuiséad bliantúil chomh maith le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar na torthaí féin i leith an bhuiséid.
- Nósanna imeachta rialaithe – tá lámhleabhair chuimsitheacha um nósanna imeachta á gcoimeád ag an mBord ó thaobh a phríomhghníomhaíochtaí. Is ann do theorainneacha agus do nósanna imeachta, go háirithe, atá sainmhínithe go soiléir do chaiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitiúil.
- Córais mhonatóireachta – déanann feidhm an iniúchta inmheánaigh monatóireacht ar chomhlíonadh córais mhonatóireachta le nósanna imeachta rialaithe a fheidhmíonn de réir an chreata um chur i bhfeidhm dea-chleachtais, faoi mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009. Tugtar eolas i dtaobh obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís ar an riosca a bhfuil BIM nochta air. Fuair an Coiste Iniúchta an tuarascáil ar iniúchadh inmheánach do 2011, lena n-áiríodh tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh faoi leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Cuireadh é seo faoi bhráid an Bhoird. Chomh maith le hiniúchadh inmheánach agus córais mhonatóireachta, déanann iniúcháirí seachtracha obair iniúchta gach bliain ar na bearta éagsúla cúnamh deontais faoi mar a cheanglaítear faoi reachtaíocht rialaithe na mBeart ón AE. D'fhormheas an Bord plean iniúchta inmheánaigh trí bliana faoi choinne na tréimhse idir 2009 agus 2012 i mí na Nollag 2009.
- Sa bhliain 2009, chomhaontaigh an Bord ar théarmaí tagartha an Fhochoiste Iniúchta, a bhunaigh an Bord in 2009 nach bhfuil ir ach Baill Neamhfheidhmiúcháin den Bhord agus a bhfuil Ball den Bhord ina c(h)athaoirleach air in ionad Chathaoirleach an Phríomhbhoird. Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar thuarascálacha a chuireann an lucht bainistíochta faoi bhráid an Choiste Iniúchta, agus na hiniúcháirí seachtracha a dhéanann obair iniúchta inmheánaigh i BIM faoi mar a shonraítear thuas, mar aon le ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina Litir Bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile. Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh an Bord, faoi mar a iarradh, athbhreithnithe neamhspleácha ar shainchórais um rialú inmheánach airgeadais san eagraíocht.

Deimhnímid gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011.



Rose McHugh
Cathaoirleach



Tomás Kavanagh
Ball den Bhord

Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta

AN tACHT IASCAIGH MHARA 1952, ARNA LEASÚ

Bunaíodh an Bord Iascaigh Mhara faoin Acht Iascaigh Mhara 1952. Is é BIM an Ghníomhaireacht Stáit atá freagrach go príomha as forbairt inbhuanaithe thionscail iasc farraige na hÉireann ar farraige agus ar tír, agus as éagsúlú gheilleagar an chósta.

LEAGAN AMACH NA gCUNTAS

Is seo mar a leanas atá bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas shuntasacha arna nglacadh ag an mBord:

a) Bonn na gCuntas

Cuirtear na ráitis airgeadais le chéile de réir an mhodha fabhráithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo i gcoitinne faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta agus iad ina gcaighdeán infheidhme.

b) Cistí Státchiste

Tugtar cuntas ar na deontais reatha agus chaipitil, lena n-áirítear Scéim Dobharshaothraithe an Phlean Forbartha Náisiúnta, ar bhonn airgid. Tugtar cuntas ar dheontais a fuarthas faoi Vóta 30 um Scéim Cruatain Bradán (faoi Fhotheideal F.2.) ar bhonn fabhráithe.

c) Cistí Eorpacha

Cúitionn an AE na costais i riaráiste. Tugtar aitheantas do chúnamh dá shamhail ar bhonn infhála.

d) Ioncam Iarchurtha

Is é atá in ioncam iarchurtha ná maoiniú ón Eoraip agus maoiniú ón Scéim Cruatain Bradán a iarchuireadh ar feitheamh caiteachais um sheachadadh seirbhísí.

e) Scéimeanna Deontas

Déantar íocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna éagsúla deontas atá á bhfeidhmiú ag an mBord a chur i gcuntas ar bhonn airgid. Déantar ceangaltas a eascraíonn de bhun ceaduithe faoi na Scéimeanna éagsúla Deontas atá á bhfeidhmiú ag an mBord a léiriú i Nóta 14.

f) Drochfhiacha

Déantar soláthar le haghaidh iasachtaí agus fiach a bhfuiltear in amhras faoina n-íocaíocht agus déantar é seo a bhaint d'aon chaillteanas a bhfuil coinne leis de bhun ráthaíochtaí. Glantar drochfhiacha sa bhliain ina ndéantar deireadh a chur le comhaontú na hiasachta atá i gceist.

g) Stoic

Déantar stoic a shonrú ag a gcostas nó ag a luach inréadaithe, cibé acu sin is ísle.

h) Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Déantar dímheas a ríomh de réir méid cothrom. Is iad seo a leanas na rátaí a úsáidtear le haghaidh na bpríomhchatagóirí sócmhainní:

Talamh agus Áitreabh

Talamh	Nialas
Áitreabh: - Stáisiúin Loingseoireachta - Bunaidh	2%
- Stáisiúin Loingseoireachta - Breiseanna	10%
- Áitribh Eile	10%

Gléasra agus Innealra

- Trealamh Oiliúna maoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa	16.6%
- Gléasra agus Innealra Eile	10%
- Trealamh Teicniúil	20%

Mótarfheithiclí

20%

Gléasanna agus Trealamh

- Trealamh lascaireachta	50%
- Árthaí	10%
- Trealamh Oifige	20%
- Trealamh Ríomhaire	33.3%

i) Cúlchistí Caipitil

Is éard atá sna Cúlchistí Caipitil ná an luach gan amúchadh atá ar na deontais chaipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

j) Airgeadraí Iasachta

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid in airgeadraí iasachta de réir na rátaí malairte ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Déantar ioncam agus costais a aistriú de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart bunúsach.

Déileáiltear sa Chuntas Ioncam agus Caiteachais le brabúis agus le caillteanais a eascraíonn as idirbhearta in airgeadraí iasachta agus as socraíocht na suimeanna infhaighte agus iníoctha.

k) Pinsin

Tá scéimeanna pinsin le sochar sainithe ar bun ag an mBord Iascaigh Mhara, a ndéantar maoiniú orthu go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a bhfuil fáil acu air a sholáthraíonn An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó airgead ó ranníocaíochtaí a aisbhaintear ó thuarastail ball foirne.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus sonraítear iad de réir ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne a choimeádann BIM. Sonraítear suim arb ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé in-aisghabhála, agus cúitithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta agus aithnítear leasú dá réir sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Airítear leis na dliteanais phinsin, luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Is é atá i gceist le maoiniú pinsin iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a aisghabhfar amach anseo ón An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.


Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Ioncam			
Deontais ón Oireachtas	1	18,591,986	18,793,643
Glanmhaoiniú larchurtha do Phinsin	19 (c)	2,097,821	2,557,367
Glanaistriú ón / (chuig an) gCúlchiste Caipitil	2	763,411	440,451
		21,453,218	21,791,461
Deontais an AE	3	185,759	208,862
Láimhdeachas na nGléasraí Oighir	4	692,323	717,256
Ioncam Eile	5	682,842	963,163
		23,014,142	23,680,742
Caiteachas			
Forbairt Caipitil Tionscail	6	4,169,110	3,911,287
Forbairt Reatha Tionscail	7(a)	8,551,972	9,010,522
Riarachán Reatha Tionscail	7(b)	3,560,790	3,871,828
Dímheas a Gearradh i Rith na Bliana	7(c)	1,479,761	1,463,464
Costais Phinsin	19 (a)	4,081,321	4,333,842
Caiteachas Eile	8	130,000	60,621
Caiteachas ar Ghléasraí Oighir	4	843,563	908,033
		22,816,517	23,559,597
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		197,625	121,145
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS			
larmhéid amhail an 1 Eanáir		498,362	377,217
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		197,625	121,145
larmhéid amhail an 31 Nollaig		695,987	498,362

Baineann an t-ioncam agus caiteachas go léir don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 le gníomhaíochtaí leanúnacha ar dháta an chláir chomhardaithe.


(Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 21.)



Rose McHugh
Cathaoirleach



Tomás Kavanagh
Ball den Bhor



Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta

	<i>Nótaí</i>	2011	2010
		€	€
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		197,625	121,145
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin			
(Caillteanais) ar dhliteanais na scéime	19 (d)	3,100,000	4,058,000
Athruithe ar thiomhdí atá ina mbonn le luach reatha dhliteanais na scéime pinsin		-	-
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha		(3,100,000)	(4,058,000)
Iomlán na nGnóthachan agus (na gCaillteanas) Aitheanta don Bhliain		197,625	121,145

Baineann an t-ioncam agus caiteachas go léir don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 le gníomhaíochtaí leanúnacha ar dháta an chláir chomhardaithe.


(Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 21.)



Rose McHugh
Cathaoirleach



Tomás Kavanagh
Ball den Bhord



Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

Clár Comhardaithe

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Seasta			
Inláimhsithe	9	1,805,811	2,569,222
Airgeadas - lasachtaí Téarma	10	-	6,666
		1,805,811	2,575,888
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe	11	213,891	450,781
Stoic		8,348	14,508
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		1,661,453	1,392,735
		1,883,692	1,858,024
Lúide Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Muirir Fhabhráithe	12	(1,187,705)	(1,366,328)
Iomlán na Sócmhainní lúide Dlíteanais Reatha roimh Phinsean		2,501,798	3,067,584
Maoiniú Pinsin larchurtha	19 (c)	54,000,000	55,000,000
Dlíteanais Phinsin	19 (b)	(54,000,000)	(55,000,000)
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanais Reatha		2,501,798	3,067,584
Maoinithe ag			
Cúlchistí Caipitil	2	1,805,811	2,569,222
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		695,987	498,362
		2,501,798	3,067,584

(Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 21.)

Rose McHugh
Cathaoirleach

Tomás Kavanagh
Ball den Bhord

Jason Whooley
Príomhfheidhmeannach

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

Réiteach Iarmhéid sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha

	Nótaí	2011	2011	2010	2010
		€	€	€	€
Barrachas / (Easnamh) sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais			197,625		121,145
Ús Bainc			(4,343)		(4,545)
Glanaistriú go Cúlchiste Caipitil			(763,411)		(440,451)
Dímheas a gearradh ar Ioncam agus Caiteachas			1,479,760		1,463,464
Brabús as Díol Sócmhainní Seasta			(7,313)		(70,000)
(Méadú) / Laghdú ar Stoic			6,160		(6,448)
Laghdú / (Méadú) ar Fhéichiúnaithe:					
- Féichiúnaithe Iasachta		6,666		-	
- Soláthar in aghaidh Féichiúnaithe		-		-	
- Féichiúnaithe Eile		243,556	250,222	(79,556)	(79,556)
Méadú / (Laghdú) ar Chreidiúnaithe			(178,623)		(525,931)
